2025/1779

12.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1779 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2025

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hasocsastróibin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9 agus 10 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/614 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh asocsastróibin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9, agus 10 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) An formheas maidir le hasocsastróibin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9, agus 10 ('an formheas'), rachaidh sé in éag an 31 Deireadh Fómhair 2025. An 25 Aibreán 2024 cuireadh iarratais isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas ('na hiarratais').

(3) An 28 Meitheamh 2024 chuir údarás inniúil meastóireachta na Danmhairge an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar na hiarratais. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh sí tuairim maidir le hathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais. Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht, chun go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán na tuairimí uaithi agus chun go gcuirfidh sí isteach í, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 30 Aibreán 2028.

(7) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh asocsastróibin formheasta go fóill lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9 agus 10 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/614,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/614 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2018 lena bhformheastar asocsastróibin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9 agus 10 (IO L 102, 23.4.2018, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/614/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le asocsastróibin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 7, 9 agus 10 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/614, cuirtear ar atráth go dtí an 30 Aibreán 2028 é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN